
# Tuarascáil Riosca Oifige - Ráithe 2 2019

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar ‘theasléaráid déine’ riosca. Is iad sin na rioscaí ‘iarmharacha’, agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar ‘ard’ tugtha sa roinn ‘conclúidí’.




| | Rangú | Riosca |
|---|---|---|
| ARD | 1 | Iomlaoid foirne níos airde a mbíonn tionchar aici ar acmhainneacht |
| | 2 | Neamhchomhlíonadh ceanglas rialála (corparáideach) |
| | 3 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| MEÁNACH | 4 | Acmhainní nach bhfuil ailínithe le cuspóirí straitéiseacha |
| | 5 | Moilleanna maidir leis an soláthar foirne a líonadh |
| | 6 | Nochtaí nár tugadh freagra cuí orthu |
| | 7 | Eisiúint neamhdhleathach sonraí |
| | 8 | Aga neamhfhónaimh mar gheall ar chibirionsaí seachtrach |
| | 9 | Caolú cultúir mar gheall ar iomlaoid níos airde |
| | 10 | D’fhéadfadh páirtithe leasmhara féachaint ar spriocanna mar spriocanna nach gcomhlíonann a riachtanais |

# Tuarascáil Riosca Oifige - Ráithe 2 2019

## Conclúidí ó RMC

Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca. Bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a tuairiscíodh freisin. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí na Bealtaine 2019 go bhfuil dhá riosca fós 'ard'. Méadaíodh riosca amháin ó riosca 'meánach' go riosca 'ard' mar gheall ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn maidir le huasghrádú go dtí an leagan is déanaí de phacáiste taifeadta iniúchóireachta na hOifige.